



AN  
CHOMHAIRLE  
CHOMHAIRLEACH  
um ATHRÚ  
AERÁIDE

# ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL 2023

## ACHOIMRE DO CHÁCH

# Achoimre do Chách ar Athbhreithniú Bliantúil 2023 ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide

Is comhlacht comhairleach neamhspleách í an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhfuil sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Éire ag tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus comhairle a sholáthar ina leith sin.

In earrach agus samhradh na bliana 2023, tharla sraith imeachtaí aeráide nach bhfacthas a leithéid roimhe seo agus ar cúis imní iad. Sáraíodh uasluachanna éagsúla ar an leibhéal domhanda agus an leibhéal áitiúil, agus ina measc sin rinneadh taifead ar an teocht laethúil is airde fós ar an 7 Iúil, tar éis mí an Mheithimh roimhe sin a bheith ar an gceann ba theo a bhfuil taifead againn uirthi. I mí an Mheithimh, chonaiceamar na meánluachanna is airde fós i leith teocht dromchla farraige.

Leanfaidh an teocht ar aghaidh ag méadú go dtí go ndéanfar beart fiúntach. Cuirfidh sé sin faoi deara imeachtaí adhaimsire níos measa in Éirinn, amhail tonnta teasa, triomach, stoirmeacha agus tuilte.

## Cad é an tAthbhreithniú Bliantúil?

Gach bliain déanann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide athbhreithniú ar fheidhmíocht na hÉireann an bhliain roimhe sin maidir leis na nithe seo a leanas:

- ▶ **astaíochtaí gás ceaptha teasa** a laghdú,
- ▶ an **buiséad carbóin** agus gach **uasteorainn astaíochtaí earnála** a chomhlíonadh i leith na tréimhse sin,
- ▶ oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus an leibhéal idirnáisiúnta,
- ▶ dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide agus Éire a ullmhú i gcomhair na gcoigeartuithe is gá le bheith réidh le haghaidh tionchar an athraithe aeráide.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023

In Athbhreithniú Bliantúil seo na bliana 2023, deir an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide gurb amhlaidh, de réir an ráta ag a bhfuil beartais á gcur i bhfeidhm faoi láthair, **nach gcomhlíonfaidh Éire na spriocanna a leagadh síos di sa chéad agus sa dara tréimhse den bhuiséad carbóin mura ndéantar beart práinneach láithreach agus mura gcuirfear dlús mór leis an laghdú astaíochtaí.**

Is é an chéad chúram atá ar Éirinn ná astaíochtaí gás ceaptha teasa **a laghdú agus, ar deireadh thiar, iad a chosc.** Chun tacú leis sin, ní mór dul i mbun rannpháirtíocht éifeachtach, chomhsheasmhach le pobail, lena bhféachtar chuige go ndéanfar aistriú cóir cothrom, agus tacaíocht agus gníomhaíocht an phobail á gcothú an tráth céanna.

Léigh na moltaí go léir ó Athbhreithniú Bliantúil 2023 agus brabhsáil an tuarascáil iomlán [anseo](#).

## Moltaí foriomlána


- ▶ Ní mór don Rialtas aghaidh a thabhairt ar réimsí éiginnteachta maidir le conas a laghdóidh Éire a cuid astaíochtaí. Ní mór uasteorainn na n-astaíochtaí earnála a leagan síos i leith Earnáil na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta, agus ní mór a shonrú go soiléir cén laghdú astaíochtaí a chaithfidh gach earnáil a bhaint amach.
- ▶ Ní mór don Rialtas bacainní ar chur i bhfeidhm beartais a aithint agus fáil réidh leo trí fhéachaint chuige go mbeidh maoiniú leordhóthanach ar fáil agus go ndéanfar athchóiriú ar an bpleanáil go tapa agus ar mhórskála.
- ▶ Ní mór príomhbhearta a chur i bhfeidhm anois ionas nach mó an dochar a dhéanfar níos faide anonn agus ionas nach mbeidh costais níos airde ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar.
- ▶ Ní mór don Rialtas cineálacha cur chuige nua a ghlacadh chun astaíochtaí a laghdú, agus infheistíocht á cothú agus scileanna á bhfeabhsú ar fud an gheilleagair, go háirithe i réimsí amhail iarfheistiú agus fuinneamh in-athnuaite.
- ▶ Moltar Coimisiún um Aistriú Cóir a bhunú lena chinntiú go mbainfidh Éire amach a cuspóirí aeráide ar bhealach cóir cothrom, lena gcosnófar daoine agus pobail leochaileacha.
- ▶ Ba cheart don Rialtas tacú le deiseanna chun astaíochtaí a laghdú agus Éire a réiteach níos fearr do thionchar an athraithe aeráide.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí i leith earnáil an leictreachais



- ▶ Caithfidh an Rialtas obair a thabhairt chun críche maidir lena leagan amach cé na saoráidí gaoithe ar talamh ar cheart a lonnú ar fud na tíre, agus cén áit.
- ▶ Teastaíonn breis cúnaimh ó údaráis áitiúla chun cabhrú le feidhmeanna fuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí.
- ▶ Tá sé ríthábhachtach stopadh ag úsáid ghuaile chun leictreachas a ghiniúint a luaithe is féidir.
- ▶ Is féidir le stóráil leictreachais a bheith ina cuid den réiteach chun ár n-astaíochtaí leictreachais a laghdú. Ní mór don Rialtas treoirínite agus dreasachtaí a thabhairt d'oibreoirí lena chinntiú go gcuirfear leibhéil leordhóthanacha stórála i bhfeidhm.
- ▶ Ní mór dul chun cinn a dhéanamh maidir le dlíthe lena dtacaítear leis an rochtain ar shonraí méadráithe cliste chun cabhrú le tomhaltóirí rialú níos fearr a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí i leith earnáil an iompair



- ▶ Ba cheart an córas mótarchánach a athdhearadh chun feithiclí atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn agus ba cheart an cháin a ardú bliain i ndiaidh bliana.
- ▶ Ba cheart don Rialtas cur leis an infheistíocht san iompar poiblí, agus leictriú ár bhflít busanna san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart díriú ar chur leis an rochtain atá ar sheirbhísí agus ar a mhéid is féidir brath orthu.
- ▶ Ba cheart don údarás áitiúil i ngach ceann dár bpríomhchathracha scéimeanna páirceála agus taistil a thabhairt isteach ar na bóithre móra agus plean a ullmhú chun líon na spásanna páirceála poiblí a laghdú.
- ▶ Ba cheart comaitéirí a spreagadh chun seirbhísí iompair phoiblí agus taisteal gníomhach a roghnú. D'áireofaí leis sin scéim na dticéad comaitéara Coigilte Cánach agus an scéim rothaíochta chun na hoibre a thabhairt cothrom le dáta, agus tobhaigh pháirceálaachuribhfeidhmagonaidoibreinár bpríomhchathracha.
- ▶ Ach áiteanna cónaithe a lonnú níos gaire do ghnólachtaí agus do sheirbhísí, is lú a bheimis ag brath ar charranna príobháideacha. Ní mór an creat pleanála náisiúnta nua a bheith ag teacht níos mó lenár n-uailmhianta i leith na haeráide.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí i leith na hearnála fiontraíochta agus dramhaíola



- ▶ Ba cheart don Rialtas na rialacháin foirgníochta a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn práinneach, chun cur leis an úsáid a bhaintear as adhmaid sa tionscal foirgníochta agus lena spreagadh gur mó an úsáid a bhainfeadh as stroighin agus coincreít ar lú a lorg carbóin.
- ▶ Ba cheart don Rialtas a bheith ag obair chun teacht ar bhealaí chun cabhrú le hearnáil na tionsclaíochta a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus gan bheith ag brath chomh mór ar bhreoslaí iontaise.
- ▶ Tá gá le feachtais oideachais phoiblí agus dreasachtaí eacnamaíochta do ghnólachtaí agus do theaghlaigh chun spriocanna a bhaint amach maidir le cur amú bia agus maidir le dramhaíl ó phacáistíocht bhia.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí i leith earnáil na timpeallachta tógtha



- ▶ Tá gá le níos mó práinne agus uailmhéine maidir le scéimeanna téimh ceantair a fhorbairt, agus aird á tabhairt ar an méid is féidir a fhoghlaim ó thíortha eile ina soláthraítear sciar mór teasa ar an gcaoi sin cheana féin. (Soláthraíonn córais téimh ceantair uisce te nó aerthéamh trí líonra faoi thalamh chuig líon mór tithe.)
- ▶ Ba cheart go mbeadh iallach ar mhórusáideoirí fuinnimh, agus ionaid sonraí ina measc, a bhfarasbarr teasa a sholáthar do phobail áitiúla chun tacú le scéimeanna téimh ceantair.
- ▶ Ba cheart go leagfaí síos i mBuiséad 2024 sprioc maidir leis an tithíocht shóisialta go léir a uasghrádú go rátáil fuinnimh foirgnimh B2 nó a nascadh le líonra téimh ceantair faoi 2030.
- ▶ Ní mór cur le líon na n-áitreabh a dhéantar a iarfhéistiú gach bliain. Maidir le deontais i gcomhair iarfhéistiú, ba cheart tosaíocht a thabhairt do thithe ina n-úsáidtear móin nó gual mar phríomhbhreosla i gcomhair teasa.
- ▶ Ba cheart soláthraithe morgáiste a spreagadh chun táirgí morgáiste atá báúil don chomhshaol a chur ar fáil, a bheidh ailínithe le scéimeanna iarfhéistithe agus lena dtacaítear leo.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí i leith earnáil na talmhaíochta agus earnáil na Talamhúsáide, an Athraithe ar Thalamhúsáid agus na Foraoiseachta



- ▶ Ba cheart don Rialtas tacú go gníomhach le deiseanna d'fheirmeoirí chun éagsúlú a dhéanamh ar a gcuid ioncaim.
- ▶ Ba cheart don Rialtas a chinntiú go bhfuil dóthain soláthairtí ar fáil de chineál leasacháin atá níos báúla don chomhshaol, agus clár faisnéise a sheoladh d'fheirmeoirí.
- ▶ Ba cheart breithniú práinneach a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun breiseáin bheathaithe a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha déiríochta, chun astaíochtaí meatáin ó eallach a laghdú.
- ▶ Beidh gá le próiseas cuíchóirithe le haghaidh iarratais ar an scéim nua foraoiseachta lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go tapa í.

## Athbhreithniú Bliantúil 2023: Moltaí maidir le hoiriúnú do thionchar an athraithe aeráide



- ▶ Ba cheart don Rialtas buiséad a leagan amach chun forbairt a dhéanamh ar an teacht aniar atá ionainn ó éifeachtaí an athraithe aeráid. Mar gheall ar an ardú atá ag teacht ar leibhéil na farraige, tá géarghá le Straitéis Bainistíochta Cósta chun cabhrú an t-athrú ar an gcósta a bhainistiú go gníomhach.
- ▶ Caithfidh pobail, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach a bheith páirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an oiriúnaithe.
- ▶ Ba cheart cur chuige uile-oileáin i leith gníomh aeráide a fhorbairt tuilleadh, go háirithe maidir le bonneagar ríthábhachtach amhail an líonra leictreachais agus bainistiú na gcóras nádúrtha trasteorann, ar nós aibhneacha.



### Cad iad spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa?

Tá Éire ar cheann de 190 tír a shínigh Comhaontú Pháras, a bhfuil sé ina aidhm leis an téamh domhanda a theorannú go dtí cuid mhaith faoi bhun 2°C agus an méadú a theorannú go 1.5°C.

Tá sé geallta ag Éirinn a cuid astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal na bliana 2018) agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Is éard is brí leis sin go mbeidh méid na ngás ceaptha teasa a théann isteach san atmaisféar ag teacht leis an méid astaíochtaí a bhaintear as an atmaisféar.

### Cad is buiséad carbóin ann?

Léiríonn buiséad carbóin méid iomlán na n-astaíochtaí a fhéadfar a scaoileadh le linn tréimhse chomhaontaithe 5 bliana. Tomhaistear é sin ina dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin agus déantar é a ríomh ar fud an gheilleagair go léir. Má sháraítear ceann dár mbuiséid charbóin, ní mór an barrachas a chúiteamh sa chéad tréimhse eile.

In Éirinn, tá trí bhuiséad carbóin leagtha síos i leith na dtréimhsí 2021–2025, 2026–2030 agus 2031–2035. Tá sé ina aidhm leo Éire a chur ar an mbóthar chun bheith neodracht ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

### Cad is uasteorainn astaíochtaí earnála ann?

Is éard atá i gceist le huasteorainneacha astaíochtaí earnála ná méid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear do gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh le linn tréimhse ar leith. In Éirinn, leagtar síos leis an huasteorainneacha astaíochtaí earnála uasmhéid na n-astaíochtaí a cheadaítear ó gach earnáil lena chinntiú go gclóifidh Éire lena buiséid charbóin. Is iad seo a leanas na hearnálacha:

- ▶ leictreachas,
- ▶ iompar,
- ▶ an timpeallacht thógtha (an earnáil chónaithe, tráchtála agus phoiblí),
- ▶ earnáil na tionsclaíochta agus eile,
- ▶ talmhaíocht,
- ▶ talamhúsáid, athraithe ar thalamhúsáid agus foraoiseacht.